Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

# Plean Ceantair Áitiúil na Seacht mBailte Straitéiseacha 2018-2024

## -Síneadh Ama Beartaithe maidir lena Éifeachtacht-

Tugtar **fógra** leis seo, maidir leis an Phlean thuasluaite, gur shocraigh Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall, ag cruinniú ginearálta dá gcuid ar an 24 Iúil 2023, seoladh fógra faoi Alt 20(3)(a)(i) agus foilsiú fógra faoi Alt 20(3)(a)(ii) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a chur siar go ceann tréimhse eile dhá bhliain i ndiaidh tréimhse cúig bliana a bheith dulta thart ó rinneadh an Plean reatha. Is iad na héifeachtaí praiticiúla a bheas ag an Rún seo ná na gnásanna foirmeálta a bhaineann le comhairliúchán poiblí a fhoilsiú, fá choinne Dréachtphlean úr, a chur siar go dtí mí Iúil 2025 ar a dhéanaí, agus go leanfaidh an Plean reatha i bhfeidhm go dtí go nglacfar le Plean eile ina áit.

Is féidir cóip den fhógra seo faoin Rún a fheiceáil ag www.donegalcoco.ie/sevenstrategictownslocalareaplan agus is féidir é a scrúdú ag áiseanna leabharlainne sa Chontae le linn a ngnáthuaireanta oscailte, agus le linn gnáthuaireanta oifige, Luan go hAoine (9am go 12.30pm agus 1pm go 4.30pm) ón Aoine 4 Lúnasa, 2023 sna hoifigí seo a leanas de chuid na Comhairle:

- An Oifig Fáiltithe, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.
- Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Uí Bhléine, Leitir Ceanainn.
- Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile na nGallóglach, An Phríomhshráid, Baile na nGallóglach.
- Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath.
- Ionad Seirbhísí Poiblí Charn Domhnach, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach.
- Ionad Seirbhísí Poiblí Bhaile Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún na nGall.

Liam Mac an Bhaird
Stiúrthóir Forbartha Pobail agus Seirbhísí Pleanála,
Teach an Chontae,
Leifear,
Contae Dhún na nGall,
F93Y622